

Cód Cleachtais ALTE

Mar sholáthróirí scrúduithe teanga, is mian le baill ALTE glacadh le Cód Cleachtais chun na caighdeáin a chuireann siad rompu agus na dualgais faoina n-oibríonn siad a leagan síos go soiléir.

Agus muid ag dréachtú agus ag cloí le Cód Cleachtais, is gá idirdhealú a dhéanamh idir na rólanna éagsúla atá acu siúd arb é a leas caighdeáin do scrúduithe teanga a leagan síos agus a choimeád. Is iad na páirtithe atá i gceist ná: forbróirí na scrúduithe, úsáideoirí na scrúduithe agus iarrthóirí na scrúduithe.

Is iad forbróirí na scrúdaithe na daoine a dhréachtann agus a riarann scrúduithe agus iad siúd a leagann síos polasaithe maidir le cláracha tástála ar leith.

Is féidir le húsáideoirí na scrúduithe scrúduithe a roghnú, seirbhísí forbartha scrúdaithe a choimisiúnú nó breithiúnas a thabhairt a mbeidh tionchar aige ar na féidearthachtaí oideachais agus ar na slite beatha a bheas ag iarrthóirí de thairbhe torthaí a gcuid scrúduithe.

Is iad iarrthóirí na scrúdaithe na daoine a roghnaíonn nó a n-iarrann úsáideoirí na scrúduithe orthu scrúduithe a dhéanamh.

D'fhéadfadh soláthróirí agus úsáideoirí na scrúduithe a bheith ag treabhadh an iomaire chéanna, mar shampla nuair a dhéanann áisíneacht oideachais stáit coimisiúnú ar sheirbhísí forbartha scrúdaithe nó nuair a leagann sí síos polasaithe a stiúraíonn próiseas forbartha an scrúdaithe agus nuair a dhéanann sí cinneadh bunaithe ar thorthaí an scrúdaithe sin. Is é bunchúram bhaill ALTE ná forbairt agus riaradh scrúduithe. Mar sin, tá freagracht orthu i leith úsáideoirí na scrúduithe agus, i ndeireadh na dála, i leith iarrthóirí na scrúduithe. Bíonn tionchar díreach ag cinneadh ar bith a dhéanann úsáideoir na scrúduithe ar an iarrthóir; ar an ábhar sin, pléitear dualgais an úsáideora sa Chód Cleachtais seo chomh maith.

Geallann baill ALTE a ndícheall a dhéanamh caighdeáin an Chód Cleachtais a bhaint amach chun cearta iarrthóirí na scrúduithe a chosaint sna ceithre réimse seo:

- Forbairt scrúduithe
- Míniú ar na torthaí
- Cothrom na Féinne
- Eolas do na hiarrthóirí

Tá an Cód Cleachtais seo roinnte in dhá chuid: diríonn Cuid a hAon ar fhreagrachtaí ar bhaill ALTE agus Cuid a Dó ar fhreagrachtaí ar an úsáideoir.

Cuid a hAon - Freagrachtaí Bhaill ALTE

Scrúduithe a fhorbairt

Glacann baill ALTE orthu féin an t-eolas a sholáthar a bhíonn de dhíobháil ar úsáideoirí agus ar iarrthóirí scrúduithe sa dóigh is go mbeidh siad in ann scrúduithe oiriúnacha a roghnú. Go praiticiúil, geallann baill ALTE go ndéanfaidh siad na rudaí seo a leanas 'fhad is a bhaineann sé leis na scrúduithe a luaitear sa doiciméad seo:

1. Sainmhíniú a thabhairt ar a bhfuil á mheasúnú i ngach scrúdú ar leith agus ar an úsáid atá le baint as. Cur síos ar an phobal ar a bhfuil sé dírithe.
2. Na coincheapanna tomhais ábhartha a mhíniú ar mhaithe le soiléire agus leis an oiread mionsonraí is gá do lucht a n-úsáide.
3. Cur síos ar an bpróiseas forbartha scrúdaithe.
4. Rogha an ábhair agus na scileanna atá le tástáil a mhíniú.
5. Samplaí ionadaíochas nó cóipeanna iomlána de thascanna an scrúdaithe, de threoracha an scrúdaithe, na freagraí, na treoirleabhair agus tuairiscí na dtorthaí a chur ar fáil.
6. Cur síos a dhéanamh ar na nósanna imeachta atá ann chun a chinntiú go n-oireann gach scrúdú do na ciníochas, grúpaí eitneacha agus teangacha éagsúla a d'fhéadfaí a thástáil.
7. Na coinníollacha agus na scileanna atá de dhíth chun gach scrúdú a riaradh a aithint agus a fhoilsiú.

Míniú na dtorthaí

Glacann baill ALTE orthu féin cabhair a thabhairt d'úsáideoirí agus d'iarrthóirí na scrúduithe le na torthaí a thuiscint i gceart. Go praiticiúil, geallann baill ALTE go ndéanfar na nithe seo a leanas:

8. Tuairiscí sothuigthe ar thorthaí na scrúduithe le cur síos soiléir cruinn ar caidé mar a chruthaigh na hiarrthóirí sa scrúdú a chur ar fáil go luath i ndiaidh na scrúduithe.
9. Cur síos a dhéanamh ar nósanna imeachta a úsáidtear chun teacht ar phasmharc agus/nó ar ghrádanna eile.
10. Sa chás nach leagtar síos pasmharc, eolas a chur ar fáil a chabhróidh le húsáideoirí nósanna imeachta réasúnta a leanúint le go bhféadfaí pasmharc a leagan síos nuair is cóir é sin a dhéanamh
11. Úsáideoirí a chur ar a n-airdeall maidir le mí-úsáidí áirithe torthaí scrúdaithe ar féidir bheith ag súil leo.

Cothrom na Féinne

Geallann baill ALTE a gcuid scrúduithe a dhéanamh chomh cothrom agus is féidir i gcomhair daoine ó chúlraí éagsúla (mar shampla, cúlra cine, inscne, eitneach, cúinsí a chothaíonn baic, 7rl). Go praiticiúil, deimhníonn baill ALTE go ndéanfar na rudaí seo a leanas:

12. Athbhreithniú agus athdhréachtú a dhéanamh ar thascanna scrúdaithe agus ábhair ghaolmhara chun topaicí nó friotal a d'fhéadfadh goilliúint ar dhaoine a sheachaint.
13. Nósanna imeachta a chur i bhfeidhm a chinntíonn go mbaineann na difríochtaí idir torthaí na n-iarrthóirí go príomhda leis na scileanna atá á measúnú agus ní le gnéithe neamhábhhartha ar nós cine, inscne agus cúlra eitneach.
14. Leaganacha leasaithe fóirsteanacha de scrúduithe a chur ar fáil agus nósanna imeachta riaracháin fóirsteanacha a chur i bhfeidhm do iarrthóirí atá faoi bhac, nuair a bhíonn sé seo indéanta.

Eolas do na hiarrthóirí

Geallann baill ALTE go ndéanfaidh siad an t-eolas luaite thíos a chur ar fáil d'úsáideoirí agus iarrthóirí na scrúduithe. Go praiticiúil, deimhníonn baill ALTE go ndéanfar na rudaí seo a leanas:

15. Eolas a sholáthar a chabhróidh le húsáideoirí agus le hiarrthóirí na scrúduithe teacht ar chinneadh faoi scrúdú áirithe a dhéanamh nó tabhairt faoi scrúdú eile ag leibhéal níos airde nó níos ísle.
16. An t-eolas a sholáthar atá de dhíobháil ar iarrthóirí le go dtuigfidh siad céard atá clúdaithe sa scrúdú, agus go n-éireoidh siad cleachtaithe le leagan amach na dtascanna, na ruibricí agus treoracha eile, agus straitéisí leis an scrúdú féin a dhéanamh. Ár ndícheall a dhéanamh an t-eolas seo a chur ar fáil go cothrom do na hiarrthóirí ar fad.
17. Eolas a chur ar fáil faoi na cearta atá ag iarrthóirí maidir le cóipeanna de pháipéir scrúdaithe, freagraí, athscrúduithe, athmharcáil agus athsheiceáil na dtorthaí.
18. Eolas a chur ar fáil faoi cé chomh fada a choimeádfar na torthaí ar chomhad agus a dhéanamh soiléir cé dó a thabharfar eolas faoi na torthaí agus na coinníollacha faoina dhéanfar nó nach ndéanfar é.

Cuid a Dó – Freagrachtaí ar Úsáideoirí na Scrúduithe

Is féidir le húsáideoirí na scrúduithe eolas a fháil faoi na scrúduithe ó dhearthóirí na scrúduithe, agus leagtar amach sa Chód Cleachtais an úsáid is ceart a bhaint as an eolas seo. Mar aon le dearthóirí na scrúduithe, tá dualgas orthu i leith na n-iarrthóirí agus, dá réir sin, is cóir dóibh nósanna imeachta ar chaighdeán ard a leagan síos agus a chleachtadh le cinntiú go bhfaighidh gach iarrthóir cothrom na Féinne. Déantar cur síos ar na freagrachtaí seo faoi na ceithre theideal seo thíos:

- Scrúduithe oiriúnacha a roghnú
- Míniú ar na torthaí
- Cothrom na Féinne
- Eolas do na hiarrthóirí

Scrúduithe oiriúnacha a roghnú

Ba cheart d'úsáideoirí na scrúduithe scrúduithe a roghnú a thagann leis an sprioc atá acu agus a oireann do na pobail iarrthóirí a bhíonn i gceist.

Míniú ar na torthaí

Is ceart d'úsáideoirí na scrúduithe na torthaí a léamh go cúramach lena dtuiscint i gceart.

Cothrom na Féinne

Ba cheart d'úsáideoirí na scrúduithe scrúduithe a roghnú atá forbartha ar bhealach a fhéachann chuige go mbeidh siad chomh cothrom agus is féidir ar iarrthóirí ó chúlraí difriúla (mar shampla cine, inscne, cúlra eitneach, cúinsí a chothaíonn baic, 7rl.)

Eolas do na hiarrthóirí

Sa chás go mbíonn teagmháil dhíreach ag an úsáideoir leis na hiarrthóirí, ba cheart dó glacadh le cuid mhór de na dualgais atá leagtha amach do bhaill ALTE sa mhír dar teideal *Eolas do na hiarrthóirí* atá i gCuid a hAon den doiciméad seo.

Tugtar aitheantas anseo don **Code of Fair Testing Practices in Education** atá foilsithe ag an Washington D.C. Joint Committee on Testing Practices.

© ALTE Code of Practice working group
Translated by Language Centre,
National University of Ireland, Maynooth.